

## Nótaí mar threoirlínte do rólanna

### Ról an Chathaoirligh

San áireamh le ról an Chathaoirligh, tá an méid seo a leanas

1. Stiúránn agus treoraíonn an Cathaoirleach an Choiste i bpleanáil agus i gcur i gcrích a gcuid gníomhaíochtaí, agus é seo uile trí mheán na Gaeilge. Tá an méid seo a leanas i gceist le ról an Chathaoirligh:

- Gníomhú mar Cheann Comhairle ar chruinnithe míosúla an Choiste.
- Gníomhú mar Cheann Comhairle ar aon chruinniú ginearálta urghnách i rith na bliana.
- Feidhmiú mar Cheann Comhairle ar an gCruinniú Cinn Bhliana.
- Cabhrú leis an gCoiste fíis agus spriocanna soiléire a leagan amach.
- Cinntiú go mbíonn deis ag gach ball den Choiste ionchur a bheith acu ar chúrsaí an Choiste – i bhfoirm scríofa agus labhartha – agus go léirítear meas ar thuairimí, ionchur agus moltaí gach baill den Choiste.
- Gníomhú mar chomhordaitheoir ar imeachtaí an Choiste.
- Cinntiú go dtuigeann gach duine an ról atá acu.
- Cinntiú go ndáiltear na cúraimí go cothrom idir baill an Choiste.
- Freastal ar chruinnithe na bhfo-choistí nuair is féidir.
- Feidhmiú mar bhall d'fho-choistí.
- Cinntiú go gcuirtear aistriúchán go Béarla ar fáil do bhaill an Choiste a iarrann an méid sin.

2. Oibríonn an Cathaoirleach go dlúth le Rúnaí an Choiste chun cláir oibre agus cruinnithe a phleanáil, lena n-áirítear comhfhreagras agus nithe a éiríonn astu a sheoladh roimh ré.

- Cinntiú go ndéantar na miontuairiscí ó gach cruinniú a shíniú, a dhátú agus a choimeád slán.
- Cinntiú go dtógtar gach cinneadh go daonlathach agus le meas ar thuairimí cách.
- Cinntiú go dtuigeann gach ball an méid atá ag titim amach le haistriúchán go Béarla más gá.
- Cinntiú go mbeidh cosaint iomlán ar shonraí pearsanta teagmhála thuismitheoirí na scoile a thugann cead don scoil iad a roinnt leis an gCoiste, agus chun críocha an Choiste amháin.
- Cinntiú go ndéanann gach ball den Choiste na sonraí teagmhála a scríosadh nuair atá téarma an Choiste sin thart. Ní feidhm d'iarbhaill an Choiste na sonraí sin a úsáid.

3. Déanann an Cathaoirleach cumarsáid rialta le húdarás na scoile thar ceann an Choiste chun imeachtaí a eagrú agus dátaí a shoileiriú ag tús na bliana (chomh fada agus is féidir).

4. Déanann an Cathaoirleach teagmháil leis an Scoil ó thaobh eolas faoi imeachtaí an Choiste a bheith sa nuachtlitir

5. Labhraíonn an Cathaoirleach thar ceann an Choiste agus thar ceann Chumann na dTuismitheoirí ag mórócáidí cuí i saol na scoile. Ina measc seo tá:

- Oícheanta eolais agus sóisialta do thuismitheoirí nua sna Naíonáin (thart ar mhí Mheán Fómhair agus ar mhí Aibreáin);
- Fáiltiú sa scoil tar éis na Chéad Comaoíní i mí na Bealtaine);
- Bronnadh na dTeastas ag deireadh mhí an Mheithimh.

6. Déanann an Cathaoirleach atá ag éirí as cinnte go bhfuil gach eolas is féidir curtha ar aghaidh chuig an gcéad Chathaoirleach eile.

7. Nuair nach bhfuil an Cathaoirleach i láthair ag cruinniú nó ag ócáid ag a bhfeidhmíonn an Cathaoirleach mar Cheann Comhairle, is é an Leas-Chathaoirleach a thógfaidh orthu féin cúraimí an Chathaoirligh.

### **Ról an Rúnaí**

1. Glacann an Rúnaí na miontuairiscí, i nGaeilge, ag gach cruinniú de chuid an Choiste. Ba chóir go mbeadh na miontuairiscí gonta agus go mbeadh taifead ann ar na cinntí a rinneadh agus na gníomhaíochtaí a socraíodh ann. Is féidir go mbeadh tuairisc ghonta ar na hábhair a pléadh ann.

2. Oibríonn an Rúnaí leis an gCathaoirleach chun clár oibre a chur le chéile do gach cruinniú agus déanann sé/sí cinnte go bhfaightear é seo, maraon le fógra faoin gcruinniú ag gach ball den Choiste ar a laghad seachtain roimh an gcéad chruinniú eile.

3. Tagann comhfhreagras chuig an gCoiste ar bhealaí difriúla agus ó fhoinsí difriúla ó mhí go mí. Déanann an Rúnaí cinnte é seo a roinnt láithreach leis an gCathaoirleach ionas gur féidir pleanáil go héifeachtach le chéile do chruinnithe.

4. Scaipeann an Rúnaí na miontuairiscí ar bhaill uile an Choiste, na baill ex-officio san áireamh.

5. Cabhraíonn an Rúnaí leis an gCathaoirleach soiléiriú a thabhairt ar na cinntí a rinneadh.

6. Coimeádann an Rúnaí, maraon leis an gCathaoirleach, sonraí teagmhála na dTuismitheoirí sábháilte agus faoi rún. Scriostar iad seo ag deireadh théarma an Choiste sin.

7. Scaipeann an Rúnaí aon chumarsáid ón gCoiste trí ríomhphost atá mar mhodh oifigiúil cumarsáide an Choiste.

8. Is féidir leis an Rúnaí a bheith ar fho-Choiste.

9. Nuair is gá, sóláthraíonn an Rúnaí aistriúchán i mBéarla de chumarsáid oifigiúil ón gCoiste.

10. Nuair atá Rúnaí ag éirí as, déanann sé/sí cinnte go gcuirtear eolas cuí ar aghaidh chuig an Rúnaí nuathofa/nuacheaptha.

11. Nuair nach bhfuil an Rúnaí i láthair ag cruinniú nó ag ócáid ag a bhfeidhmíonn an Rúnaí, is é an Leas-Rúnaí a thógfaidh orthu féin cúraimí an Rúnaí.

## **Ról an Chisteora**

1. Cuireann an Cisteoir gach idirbheart airgeadais i dtaisceadh agus i dtaifead.
2. Déanann an Cisteoir riaradh agus bainistiú ar ioncam agus ar chaiteachas.
3. Tugann an Cisteoir tuairisc mhíosúil ar chúrsaí airgeadais Chumann na dTuismitheoirí don Choiste
4. Cuireann an Cisteoir admháil ar fáil do gach idirbheart airgeadais
5. Sóláthraíonn an Cisteoir cibé eolas is gá don Choiste ionas go dtuigtear riachtanais airgeadais Chumann na dTuismitheoirí
6. Déanann an Cisteoir idirchaidreamh idir bainc agus/nó institiúidí airgeadais thar ceann Chumann na dTuismitheoirí
7. Tugann an Cisteoir cuntas iomlán ar ioncam agus ar chaiteachas na bliana ag Cruinniú Cinn Bhliana Chumann na dTuismitheoirí. Sóláthraítear cóip don Bhord Bainistíochta chomh maith.
8. Nuair atá an Cisteoir ag éirí as, cuireann sé/sí gach eolas ar aghaidh chuig an gCisteoir nuacheaptha/nuathofa.
9. Nuair nach bhfuil an Cisteoir i láthair ag cruinniú nó ag ócáid ag a bhfeidhmíonn an Cisteoir, is é an Leas-Chisteoir a thógfaidh orthu féin cúraimí an Chisteora.
10. Is i nGaeilge a choimeádfar na cuntais.

## **Ról an Ionadaí Bliana**

1. Bíonn an tIonadaí Bliana ar an gCoiste ar feadh tréimhse bliana – ó CCB go CCB. Is féidir le hIonadaithe iad féin a chur chun tosaigh don dara bliain. Is féidir le hIonadaithe chomh maith post oifigeach a thógáil orthu féin.
2. Is iad tuismitheoirí na bliana sin amháin a vótálann don Ionadaí Bliana.
3. Bíonn Ionadaithe Bliana ar fho-choistí ar feadh tréimhse bliana chomh maith.
4. Freastalaíonn Ionadaithe Bliana ar chruinnithe an Choiste.
5. Bíonn liosta de shonraí teagmhála tuismitheoirí na bliana ag an Ionadaí a choimeádann sé don tréimhse ina bhfuil sé/sí ina (h)Ionadaí. Scriostar an liosta ansin.
6. Is tríd an ríomhphost a scaipeann an tIonadaí Bliana aon eolas cuí ón gCoiste nuair a sheolann an Rúnaí nó Cathaoirleach é sin chucu. Is é seo modh oifigiúil cumarsáide an Choiste. Scaiptear eolas ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ar an mbealach céanna.
7. Más maith leis an Ionadaí Bliana grúpa Whatsapp a bhunú, is gá cead a lorg ó gach tuismitheoir tríd an ríomhphost ar dtús an uimhir theileafóin a úsáid chuige sin.
8. Is iad na grúpaí bliana cuí, go traidisiúnta, a bhíonn i mbun imeachtaí an Choiste a eagrú sa scoil. Beifear ag súil leis go mbeidh an tIonadaí Bliana mar nasc leis an mbliain agus leis an gCoiste agus na himeachtaí seo á n-eagrú.
9. Bíonn gach Ionadaí i gceannas ar chúrsaí cumarsáide na Bliana agus an Lá Spóirt agus rásaí na Bliana sin á n-eagrú (in éineacht le foireann ón mbliain).
10. Níl sé de dhualgas ar Ionadaí Bliana bronntanais a eagrú d'fhoireann na scoile cé gur féidir leis nó le haon tuismitheoir sa rang é sin a dhéanamh. Bronnann Coiste na dTuismitheoirí comharthaí aitheantais ar fhoireann na scoile gach bliain.
11. I gcás nach bhfuil Ionadaí Bliana in ann feidhmiú sa cháiil sin ar Choiste na dTuismitheoirí sula mbíonn téarma an Ionadaí istigh, is é an Coiste a dhéanfaidh an tIonadaí nua a lorg agus a chomh-thoghadh.